AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN FHUINNIMH

Ard-Stiúrthóireacht D - Fuinneamh núicléach, sábháilteacht agus ITER
**D.3 – Cosaint ar radaíocht agus sábháilteacht núicléach**

---

## Fíorúchán faoi théarmaí Airteagal 35 de Chonradh Euratom

## Príomhchonclúidí

---

# ÉIRE
# Baile Átha Cliath

## Socruithe faireacháin ghnáthrialta agus éigeandála ar radaighníomhaíocht
## Faireachán ar radaighníomhaíocht in uisce óil agus i dtáirgí bia

| | |
|---|---|
| **Dáta** | 16 - 19 Samhain 2021 |
| **Foireann fíorúcháin** | E. DIACONU<br>R. VAN AMMEL |
| **Tagairt** | IE 21-03 |

## RÉAMHRÁ

Ceanglaítear le hAirteagal 35 de Chonradh Euratom go mbunóidh gach Ballstát na saoráidí a theastaíonn chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar na leibhéil radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bunchaighdeáin sábháilteachta[1].

Le hAirteagal 35, tugtar ceart rochtana freisin don Choimisiún Eorpach (CE) ar na saoráidí sin chun go bhfíoróidh sé an chaoi a n-oibrítear iad agus a n-éifeachtúlacht.

Is é an tAonad um Chosaint ar Radaíocht agus Sábháilteacht Núicléach (ENER D.3) d'Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (AS ENER) sa Choimisiún Eorpach atá freagrach as na fíoruithe sin a dhéanamh.

Tá sé de phríomhchuspóir ag na fíoruithe a dhéantar faoi Airteagal 35 de Chonradh Euratom measúnú neamhspleách a dhéanamh ar shásúlacht saoráidí faireacháin i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- Sceitheadh radaighníomhaíochta leachtach agus atmaisféarach ó láithreán isteach sa chomhshaol;
- Leibhéil radaighníomhaíochta comhshaoil ar imeall an láithreáin agus sa mhuirthimpeallacht agus sa timpeallacht talún agus uisceach timpeall an láithreáin, i gcás gach conaire ábhartha;
- Leibhéil radaighníomhaíochta comhshaoil ar chríoch an Bhallstáit.

Thug foireann fíorúcháin ó AS ENER cuairt ar Éirinn an 16 - 19 Samhain 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Socruithe faireacháin gnáthrialta agus éigeandála ar radaighníomhaíocht i mBaile Átha Cliath;
- Faireachán ar radaighníomhaíocht in uisce óil agus i dtáirgí bia i mBaile Átha Cliath;
- Saotharlanna tomhais, go háirithe bonneagar, modhanna anailíseacha, gnéithe den dearbhú agus den rialú cáilíochta;
- Tuairisciú ar thorthaí an chláir faireacháin comhshaoil.

Tugtar forbhreathnú leis an doiciméad seo ar phríomhchonclúidí na foirne fíorúcháin maidir leis na córais faireachais comhshaoil atá i bhfeidhm. Tá eolas níos mionsonraithe faoin bhfíorúchán le fáil sa tuarascáil theicniúil maidir leis an bhfíorúchán.

1 Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaíoch, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13 an 17.1.2014)

## PRÍOMHCHONCLÚIDÍ

D’éirigh leis an bhfoireann fíorúcháin gach fíorú a bhí beartaithe acu a dhéanamh le linn a gcuairte a thabhairt i gcrích. B’úsáideach an t-eolas an sholáthair údaráis na hÉireann roimh an gcuairt, chomh maith leis an doiciméadacht bhreise a fuarthas le linn an fhíorúcháin agus ina dhiaidh.

(1) Léirigh na gníomhaíochtaí fíorúcháin a rinneadh gur sásúil iad na saoráidí a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir i mBaile Átha Cliath. Bhí an Coimisiún in ann oibriú agus éifeachtúlacht cuid ionadaíoch de na saoráidí sin a fhíorú.

(2) Léirigh na gníomhaíochtaí fíorúcháin a rinneadh gur sásúil iad na saoráidí a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir i mBaile Átha Cliath i gcás éigeandáil radaighníomhaíochta. Bhí an Coimisiún in ann a fhíorú go raibh cuid ionadaíoch de na saoráidí sin ar fáil.

(3) Tá torthaí mionsonraithe an fhíorúcháin tiomsaithe sa ‘Tuarascáil Theicniúil’ a sheoltar chuig údarás inniúil na hÉireann trí Bhuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach.

(4) Iarrann seirbhísí an Choimisiúin go gcoimeádfaidh údaráis na hÉireann ar an eolas iad maidir le haon athrú mór ar shocrú na gcóras monatóireachta.

(5) Ar deireadh, gach duine a bhí páirteach sna gníomhaíochtaí a rinne an fhoireann fíorúcháin, aithníonn an fhoireann a fheabhas a chuaigh siad i gcomhar léi.

E. L. Diaconu

Ceann Foirne